Scoil Bhríde,
Mionloch,
An Caisleán Gearr,
Gaillimh.
Guthán: 091 762323
scoilbhride2@hotmail.com

# Polasaí Frith-Bhulaíochta

Tá an polasaí seo bunaithe ar treoirlinte an Roinn Oideachais agus Eolaíochta “Countering Bullying Behaviour”.
Ní Ghlacann an Bord Bainistíochta ná foireann na scoile le bulaíocht de aon saghas, nó ag aon leibhéil sa scoil. Sin an aidhm atá leis an bpolasaí seo.

**Definition of Bullying**
S’éard is bulaíocht ann ná ionsaí ó bhéal, fisiciúil ná siceolaíoch atá leanúnach, déanta ag duine aonair ná grúpa ar dhuine eile.
Tá go leor sort bulaíocht ann, mar shampla, ionsaí fisiciúil; damáiste ná goid earraí dhaoine; scracadh, bagairt ar dhaoine, droch-ghlaochana gutháin, ríomhphost nó téacsanna, ag úsáid “social networking” ar an idirlíon, daoine a fhágáil ina naonair, ag glaoch ainmneacha nó nótaí maslacha a scríobh.
Tá sé tábhachtach idir-dhealú a dhéanamh idir eachtraí aonair agus iompair mí-shoisíalta (nach glacfar leis) agus iompar leanúnach atá mar bhulaíocht.

Tá ról ag gach ball den scoil cosc a chuir le bulaíocht.

**Foireann na Scoile**
Féachfaidh foireann na scoile chuige go gcothófar atmasféar cáirdiúil le meas ar dhaoine agus a gcuid earraí. Beidh forbairt déanta ar féin mhuinín agus féin mheas na ndaltaí trí iompar mhaith agus béasaí a mholadh. Déanfar gach iarracht é seo a dhéanamh trí atmasfeár dearfach a chur chun cinn. Tabharfar deiseanna do na páistí a gcuid mothúcháin, agus mothúchain daoine eile, a thuiscint agus a phlé tríd an gcuraclam ar fad agus an clár OSPS agus Beo go Deo go háirithe.
Pléfidh na múinteoirí an Polasaí Frith-Bhulaíochta leis na páistí ionas go mbeidh siad páirteach teach tar réiteach na faidhbe.

**Páistí**
Tá dualgas ar na daltaí meas a bheith acu ar dhaoine eile agus a gcuid earraí. Ba cheart do páistí eachtraí bhulaíochta a insint dá mhúinteoirí ná dá thuistí.

**Tuismitheoirí**
Dea-iompar a mholadh agus a spreagadh ar scoil agus sa bhaile.
Páistí a spreagadh fadhbanna a réiteach gan ionsaí ná foréigin.
Páistí a spreagadh a gcuid earraí a roinnt, bheith macánta agus tuiscineach ar dhaoine eile.
Bheith aireach do chomharthaí fulaingt bhulaíochta nó go bhfuil do pháiste i mbun bulaíochta.
Plé an Polasaí Frith-Bhulaíochta le do pháiste.
Ma tá tú imníoch faoi bhulaíocht, labhair leis an múinteoir ranga ar dtús.

Tuairisciú agus fiosriú Bhulaíochta

Ba cheart eachtraí bhulaíochta a insint don mhúinteoir ranga agus/nó an múinteoir ar dhualgas. Déanfaidh an múinteoir ranga fiosriú ag nótáil má tá eachtra tromchúiseach nó leanúnach i gceist.

Céimeanna

- Éistfear leis an scéal ón dá thaobh agus tabharfar deis do na páistí an eachtra a phlé.
- Más gá, líonfaidh na páistí foirm tuairisce faoin eachtra agus seolfar é abhaile le siniú ag na tuistí. Ar an gcaoi seo, beidh gach páirtí coinnithe ar an eolas faoi céard atá ag tarlú.
- Molfar do na páistí inseacht faoi aon eachtra má tharlaíonn sé arís.
- Oibríimid leis an té a bhfuil i mbun na bulaíochta chun a gcuid iompar a athrú. Cabhrófar leis an bpáiste seo an eachtra a thuiscint ón taobh eile.
- Má leanfar leis an droch iompar, féachfar chuig Cód Smachta na scoile agus cuirfear píonós oiriúnach i bhfeidhm.
- Molfar i gconaí eachtra bulaíochta a insint do na múinteoirí. Féachfaidh an scoil go an-dáiríre ar aon pháiste a chuireann cosc nó a bhíonn ag bagairt ar pháistí a insíonn faoi eachtra. Féachfar chuig Cód Smachta na scoile agus cuirfear píonós oiriúnach i bhfeidhm.
- Chun bualadh le múinteoir ba cheart do thuistí coinne a dhéanamh leis an múinteoir ag am feiliúnach don bheirt.